# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a' Mhíl

## Nollaig 2014

Bhí téarma gnóthach againn!

**<u>Gasúir Nua</u>** Tháinig gasúir nua isteach sa scoil. Tháinig Pedro, Otto, Brandon agus Cian isteach sna Naíonáin Bheaga. Tháinig Patrick isteach go Rang a 3. Míle fáilte romhaibh!!!!



Agus fáilte roimh Barbara Uí Mhaoileoin atá ag obair mar Chúntóir Teanga sa scoil anois.

**<u>Oireachtas Cois Fharraige</u>** Tháinig Oireachtas Cois Fharraige i Meán Fómhair. Rinne siad scéalta, drámaíocht agus ealaín le na gasúir uilig. Bhí an-seachtain ag na páistí ar fad!



**<u>Babaró</u>** Ar an 13ú Deireadh Fómhair chuaigh muid go Babaró i nGaillimh. Chuaigh an Bun Rang chuig The Elves and the Shoemaker. Chuaigh an t-Ard Rang chuig Mr Foley agus chuaigh Rang Mhíchíl go dtí an Luminarium.



**Peeps** Tháinig Aoife ón gClár Críochnú Scoile chuig na scoile le gníomhachtaí éagsúla a dhéanamh le na Naíonáin Bheaga. Bhain siad an-spraoi as. Míle buíochas Aoife!



**Seachtain na Mata** Bhí Seachtain na Mata 13-17 Deireadh Fómhair. Rinne muid Lá Mata ar 17/10. Rinne muid go leor cluichí beaga mata agus rudaí speisialta.



**Boscaí Hope** Bhailigh muid thart ar 38 bosca Hope i mbliana. Míle buíochas le na tuismitheoirí agus na gasúir ar fad!

**Raidió na Gaeltachta** Ar an 5/12/14 tháinig Raidió na Gaeltachta ar cuairt chuig na scoile. Bhí an t-Ard Rang ag canadh amhráin agus carúil na Nollag. Bhí cúpla páiste ag caint leo freisin. Bhí siad ar fad iontach!



**Róbait** Rinne an t-Ard Rang Róbait mar obair bhaile. Bhain siad an-sásamh as. Bhí gach sórt róbat ann!!! Maith sibh!



**Sorcas** Ar an 15/12/14 tháinig an sorcas go dtí an scoil. Rinne siad go leor cleasanna agus bhí siad an-aclaí agus láidir! Bhí beirt bhuachaill ann, ní raibh siad ach 6 agus 9 mbliana d'aois!!



Beannachtaí na Nollag oraibh ar fad!!

Athoscailt: 5/1/15